



Circular Number: 0075/2022

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,
Meánscoileanna, Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Tús Feidhme an Achta Oideachais (Socrú i Leith Leanaí a
bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) 2022
agus
Tús Feidhme na nAlt Eile Den Acht Oideachais (Ligean isteach
i Scoileanna) 2018**

**Reachtaíocht nua maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil
riachtanais speisialta oideachais acu**

Aidhm an Chiorcláin

Is mian leis an Roinn Oideachais aird údaráis scoile a dhíriú ar thabhairt isteach agus ar thús feidhme an Achta Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022 agus tús feidhme na n-alt eile den Acht Oideachais 1998 mar a tugadh isteach leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018. Is iad seo ailt 67 go 70.

Tagann na socruithe nua seo i bhfeidhm láithreach.

**1. Tús Feidhme an Achta Oideachais (Socrú I Leith Leanaí a Bhfuil
Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) 2022**

Tugadh isteach agus tugadh tús feidhme don reachtaíocht seo i mí Iúil 2022. Áirítear i measc na bpríomhfhórlacha sa reachtaíocht nua seo:

Próiseas nua sruthlínithe d'alt 37A

Is í an phríomhfhóráil sa reachtaíocht seo ná soláthar a dhéanamh do phróiseas sruthlínithe d'alt 37A trína bhféadfaidh an tAire a ordú do scoil soláthar a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leanfaidh an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ag obair i gcomhpháirt le scoileanna lena chinntiú go gcuireann scoileanna ranganna speisialta breise nó áiteanna speisialta scoile ar fáil agus is mar seo a cuireadh formhór mór na ranganna nua agus na n-áiteanna breise ar fáil go dtí seo agus seo mar a fheictear go leanfar ar aghaidh ag soláthar



formhór mór na ranganna nua agus na n-áiteanna breise amach anseo. Ní úsáidtear próiseas alt 37A ach mar rogha deiridh nuair a bhíonn gá le soláthar breise i suíomh ar leith agus go bhfuil teipthe ar iarrachtaí an soláthar breise sin a ghnóthú trí rannpháirtíocht le scoileanna.

Faoi na socruithe nua sruthlínithe d'alt 37A beidh dhá dheis ag scoileanna uiríll a dhéanamh i scríbhinn sula dtagann treoir ón Aire.

Cumhacht tugtha don CNOS nó do Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach roimhe seo)

Tá leasú déanta ar alt 67 den Acht Oideachais 1998 a dhéanann foráil don CNOS nó do TESS áit scoile a ainmniú faoin reachtaíocht nua seo. Tá an fhoráil a cheadaíonn do scoil achomharc a dhéanamh chuig coiste achomhairc ar chinneadh ainmniú bainte amach. Tá an fhoráil a cheadaíonn do thuismitheoir achomharc a dhéanamh chuig coiste achomhairc in aghaidh chinneadh gan ainmniú bainte amach freisin.

Tá foráil nua ar fáil chun ligean do scoil uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an CNOS nó chuig TESS i ndáil le fógra ainmniúcháin agus go ndéanfadh an CNOS nó TESS na huiríll seo a bhreithniú sula ndéantar ordachán leanbh a ligean isteach. Toisc go gcaithfidh an CNOS agus TESS araon acmhainn scoile a mheas nuair a bhíonn ainmniú á dhéanamh, ní dhéanfar scoileanna a bhfuil ró-mhéid rolluithe acu a mheas le haghaidh ainmniúcháin.

Oibleagáid nua ar scoileanna, boird bhainistíochta agus pátrúin comhoibriú leis an CNOS

Tá foráil sa reachtaíocht nua d'fheidhm bhreise a chur ar scoileanna, ar phátrúin agus ar bhoird bhainistíochta chun comhoibriú leis an CNOS agus soláthar a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Treoracha a chomhlíonadh faoi Alt 37A agus alt 67

Ceanglaíonn an reachtaíocht nua ar bhoird bhainistíochta scoile cloí le haon ordacháin a sheirbheálann an tAire faoi alt 37A agus an CNOS nó TESS faoi alt 67.

Téacs nua atá le cur isteach sna Ráitis Ligean Isteach i Scoileanna

Ceanglaítear leis an reachtaíocht nua go n-áireofar i ráiteas ligean isteach scoile ráiteas go gcomhoibreoidh an scoil leis an CNOS maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go háirithe trí rang nó ranganna speisialta a sholáthar agus a fheidhmiú nuair a iarrfaidh an Chomhairle go ndéanfaí amhlaidh agus ráiteas ar leithligh go gcomhlíonfaidh an scoil aon ordachán faoi alt 37A nó faoi alt 67.

Is féidir an téacs seo a leanas a chur go díreach le ráiteas Ligean Isteach reatha na scoile:

Comhoibreoidh (cuir isteach ainm na scoile) leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil



Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.

Comhlíonfaidh (cuir isteach ainm na scoile) le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).

De réir an Achta Oideachais, 1998 beidh ar an mbord faomhadh an phátrúin a lorg do na codanna breise a chuirfead leis an Ráiteas Ligean Isteach scoile. Cuirfidh an Roinn teimpléad ar fáil chuige seo ina leagfar amach próiseas ceadaithe simplithe do bhoird agus do phátrúin. Beidh an teimpléad seo ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/policy-information/c5bd9f-school-enrolment/>

Feidhm nua atá beartaithe don CNOS

Tá foráil sa reachtaíocht nua freisin d'fheidhm bhreise don CNOS chun ligean isteach leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go ranganna speisialta nó chuig scoileanna speisialta a chomhordú agus a bhainistiú ag féachaint d'alt 37A agus do pholasaithe ligean isteach scoile. Rachaidh an CNOS i gcomhairle le scoileanna agus le tuismitheoirí agus an fheidhm seo á chomhlíonadh.

2. Tús feidhme na n-alt eile den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018

Mar aon le tús feidhme Ailt 67 (arna leasú), tá tús curtha freisin le hAilt 68 go 70 den tAcht Oideachais 1998, a bhforáiltear dóibh san Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018. Tá soláthar sna forálacha ar leith seo don Aire nó do Phátrún treoir a thabhairt do scoil obair feabhais a dhéanamh mura bhfuil an bord bainistíochta ag feidhmiú de réir an Achta.

Is éard atá in Alt 68 ná foráil a chuireann ar chumas an phátrúin treoir a eisiúint chuig an mbord bainistíochta má theipeann ar an mbord an reachtaíocht ligean isteach a chomhlíonadh agus, má theipeann ar an mbord bainistíochta ina leith seo, féadfar duine neamhspleách a cheapadh chun an gníomh a dhéanamh.

Tá foráil in alt 69 a thugann údarás don Aire duine údaráithe a ainmniú chun tuarascáil a ullmhú má tá an tAire den tuairim gur theip ar an mbord bainistíochta forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tar éis don Aire an tuarascáil a bhreithniú féadfaidh sé ordú a thabhairt don bhord bainistíochta.

Is éard atá in alt 70 ná foráil don Aire chun iarraidh ar phátrún a threorú don bhord bainistíochta ordachán de réir alt 68 a chomhlíonadh.

3. Ról na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS)

Tugann tús feidhme na bhforálacha dlí nua seo feidhmeanna nua isteach don CNOS agus do TESS araon, go háirithe maidir le háit scoile a ainmniú. Tá



nósanna imeachta forbartha ag an CNOS agus ag TESS araon chun na feidhmeanna nua seo a fheidhmiú.

4. Ceisteanna Coitianta (CCanna)

Tá doiciméad CCanna forbartha chun cuidiú le húdaráis scoile maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith acu faoi thús feidhme na bhforálacha dlí nua seo.

5. Scaipeadh agus Ceisteanna

Ba chóir cóip den chiorclán seo a chur ar fáil do chomhaltaí uile an bhoird bhainistíochta/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Ba chóir cóip a chur ar fáil freisin d'fhoireann gach scoile agus do chumann na dtuismitheoirí.

Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig an Roinn ag special_education@education.gov.ie

Issued by: Martin McLoughlin
Rannóg Oideachais Speisialta

Paraic Joyce
Rannóg Rialachais Scoileanna

Date Issued: 23 Samhain 2022